# Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

# Cúntóir Taighde Monatóireachta Pailneoirí

**<u>Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna</u>**

**Dáta Deiridh d'Iarratais:**

**5in Dé hAoine an 17 Aibreán 2026**

**(Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha)**

**AN POST**

## Cúlra

Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta an t-ionad státurraithe is nuaí a bunaíodh chun tacú le riachtanais sonraí agus faisnéise bithéagsúlachta chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na bithéagsúlachta. Bunaíodh é mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta i mí na Nollag 2022, i ndiaidh cinneadh ón Rialtas chun todhchaí fhadtéarmach an Ionaid a chinntiú. Is é príomhról an Ionaid bunachar faisnéise na bithéagsúlachta a fhorbairt agus súil a choinneáil ar an dóigh a bhfuil sí ag athrú in Éirinn. Oibríonn sé lena chinntiú go mbeidh sonraí agus faisnéis faoi bhithéagsúlacht na hÉireann ar fáil go héasca agus go hinrochtana lena n-úsáid i dtaighde, i mbainistíocht caomhantais agus i gcinnteoireacht. Tugann an tIonad tús áite dá chinntiú go mbeidh rochtain éasca ar shonraí agus ar fhaisnéis chun tuiscint agus meas níos fearr ar an mbithéagsúlacht ar an leibhéal áitiúil a chur chun cinn. Is eintiteas atá maoinithe go poiblí den chuid is mó é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, seachas comhlacht earnála poiblí.

Ó bunaíodh é mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, rinneadh athrú ó bhonn ar an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta le struchtúir rialachais nua agus fheabhsaithe, d'fhorbair sé a Phlean Straitéiseach cúig bliana, agus mhéadaigh sé a líon foirne. Dá bhrí sin, tá sé níos ullmhaithe anois chun fíorthionchar buan a imirt ar a bhfuil ar eolas againn faoi staid na bithéagsúlachta in Éirinn, agus cad iad na gníomhaíochtaí fianaise-bhunaithe is fearr chun aghaidh a thabhairt ar chaillteanas bithéagsúlachta.

D'fhorbair agus bainistíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta bonneagar digiteach fairsing bithéagsúlachta chun freastal ar go leor de na riachtanais náisiúnta bainistíochta sonraí bithéagsúlachta. Cuirtear an bonneagar sin ar fáil mar sheirbhís chomhroinnte d'eagraíochtaí comhpháirtíochta chun cuidiú lena riachtanais bainistíochta sonraí bithéagsúlachta agus chun úsáid sonraí a éascú. Mar bhonn faoin mbonneagar sin tá bunachar sonraí bithéagsúlachta náisiúnta ina raibh os cionn naoi milliún taifead minicíochta speiceas de bheagnach 19,000 speiceas ag deireadh 2025.

Soláthraíonn an tIonad tacaíocht do líonra mór eolaíochta saoránach a ghineann sonraí ardchaighdeáin ar dháileadh speiceas in Éirinn, agus trína chláir mhonatóireachta tá treochtaí i ndaonraí gnéithe de bhithéagsúlacht na hÉireann á rianú aige. Soláthraíonn sé freisin cláir mhóra oibre maidir le pailneoirí, speicis choimhthíocha ionracha agus bithéagsúlacht mhuirí chun tacú le gníomhaíochtaí fianaise-bhunaithe sna réimsí téamacha sin.

## Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2026-2030

Bunaíodh an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí sa bhliain 2015 chun dul i ngleic le laghduithe sna pailneoirí, agus é mar an chéad cheann dá gcuid san Eoraip. Is creat é a thugann earnálacha éagsúla ar fud an oileáin le chéile chun tírdhreach a chruthú inar féidir le pailneoirí maireachtáil agus fás. Mar phlean gníomhaíochta comhroinnte, tá sé bunaithe ar bheith ag obair go straitéiseach agus go comhtháite ionas gur féidir linn céimeanna a ghlacadh le chéile chun na laghduithe pailneoirí a mhalartú agus cabhrú le daonra a athbhunú go leibhéil sláintiúla. Comhordaíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta Cur i bhFeidhm an Phlean, agus tá grúpa stiúrtha ar fud an oileáin a chuireann maoirseacht ar fáil. Tá dhá chéim rathúla ann go dtí seo, agus tá an tríú Plean do na blianta 2026-2030 á fhorbairt faoi láthair. Beidh ról ríthábhachtach aige i gcur i gcrích Rialachán AE maidir le hAthchóiriú an Dúlra, lena gceanglaítear ar Bhallstáit stop a chur le meath pailneoirí faoi 2030; agus i bPlean Feabhsúcháin Comhshaoil Thuaisceart Éireann (an tAcht Comhshaoil 2021), a bhfuil fís ann freisin cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a chur ina ceart. Tá an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí comhordaithe ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Tacaítear le Plean 2026-2030 trí mhaoiniú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, ó Chiste an Oileáin Chomhroinnte de chuid Rialtas na hÉireann, agus ó Ghníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann.

Tá Scéim Náisiúnta um Monatóireacht Pailneoirí i bhfeidhm in Éirinn ó 2022 i leith (i gcomhréir le modheolaíocht monatóireachta pailneoirí an AE arna foilsiú ag an gCoimisiún sa bhliain 2021). Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a chuireann an scéim ar fáil agus tá sí á maoiniú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faoin scéim, déantar monatóireacht ar bheacha, beacha gabhair agus féileacáin ar fud líonra randamach srathaithe de thalamh feirme agus suíomhanna leathnádúrtha. Tá scéim chomhionann i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann ó 2022 i leith, faoi bhainistíocht NIEA faoi Scéim Monatóireachta Pailneoirí na Ríochta Aontaithe. Mar gheall ar cheanglais nua faoin Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra, athbhreithníodh modheolaíocht monatóireachta pailneoirí an AE, rud a chiallaíonn go mbeidh an dá scéim éagsúil óna chéile tar éis na bliana 2025. Ceann de na torthaí a eascraíonn as sin ná, cé go bhféadfadh scéimeanna monatóireachta aonair leanúint ar aghaidh, agus d’fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith is atá ag éirí le feithidí pailnitheacha i ngach dlínse, ní cheadófar dianmheasúnuithe eolaíochta leis an modheolaíocht éagsúil ar threochtaí i bpobail pailneoirí ar fud oileán na hÉireann. Tá caomhnú na monatóireachta ar fud an oileáin mar bhonn agus taca ag an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Deonaíodh maoiniú faoi Chiste an Oileáin Chomhroinnte de chuid Rialtas na hÉireann chun go leanfar le monatóireacht pailneoirí ar fud an oileáin laistigh den chéad chéim eile de Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.

D’fhonn monatóireacht chaighdeánaithe a chinntiú ar fud an oileáin faoin bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ag fáiltiú roimh iarratais ó iarrthóirí atá cáilithe go cuí chun cur isteach ar an ról mar Chúntóir Taighde Monatóireachta Pailneoirí. Tá an post seo á mhaoiniú ag Ciste an Oileáin Chomhroinnte de chuid Rialtas na hÉireann.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

- Tacú le monatóireacht pailneoirí ar líonra de 15 suíomh i dTuaisceart Éireann le linn an tséasúir monatóireachta ar fad (Aibreán go Meán Fómhair),
- A chinntiú go ndéantar monatóireacht ar na suíomhanna sin i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a úsáidtear i Scéim Monatóireachta Pailneoirí an AE chomh maith leis na modheolaíochtaí a éilítear faoi Scéim Monatóireachta Pailneoirí na Ríochta Aontaithe.
- Cuidiú le comhthiomsú agus bailíochtú na sonraí monatóireachta pailneoirí (beacha, beacha gabhair, féileacáin, leamhain) i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta,
- A chinntiú go gcuirtear na sonraí a bhailítear faoi Scéim Monatóireachta Pailneoirí na Ríochta Aontaithe ar fáil do Ghníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann lena soláthar do CEH na Ríochta Aontaithe,
- Dul i gcomhairle le líonra na suirbhéirí agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh,
- Oiliúint a chur ar fáil do na suirbhéirí i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.
- Suirbhéanna a dhéanamh ar líon beag de na suíomhanna,
- Obair shaotharlainne a dhéanamh lena n-áirítear micreascópacht le haghaidh sórtáil, pionnáil agus sainaithint feithidí. Cuirfear oiliúint ar fáil don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi chun uasoiliúint a dhéanamh sa réimse sin más gá,
- Cuidiú le gaistí leamhain a thógáil,
- Glacadh le hoiliúint ghairmiúil chun cur le do chuid scileanna agus leanúint de bheith ag freastal ar chúrsaí oiliúna agus comhdhálacha ábhartha, de réir mar a shainaithneofar,
- Tuairisciú a thabhairt ar chur i gcrích tionscadal don Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, lena n-áirítear tuairisciú ráithiúil agus bliantúil don Bhainisteoir Líne.
- Cur le hobair ghinearálta an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta de réir mar a iarrfar.
- A chinntiú go gcuirfear gach beartas agus nós imeachta de chuid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlacht chun feidhme go réamhghníomhach.

## Critéir Riachtanacha maidir leis an ról

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú ina litir chumhdaigh agus ina Curriculum Vitae go gcomhlíonann siad na critéir riachtanacha go léir a sainaithníodh don phost. Ní mór do gach iarrthóir, ar an dáta is déanaí a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe, an méid seo a leanas a bheith aige/aici;

- Céim aitheanta, Leibhéal 8 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, in ábhar a bhaineann le bithéagsúlacht m.sh. eolaíocht chomhshaoil, bainistíocht chomhshaoil, éiceolaíocht,

domhaneolaíochtaí/eolaíochtaí nádúrtha, zó-eolaíocht, luibheolaíocht, bainistíocht acmhainní nádúrtha,

- Roinnt taithí a bheith aige/aici ar phailneoirí a shainaithint agus a thaifeadadh in Éirinn,
- Suim láidir a bheith aige/aici a gcuid scileanna sainaitheanta beacha, beacha gabhair, féileacáin agus leamhain a fhorbairt,
- A bheith sásta feithidí a láimhseáil,
- Scileanna maithe tuairiscithe agus eagraíochta a bheith aige/aici,
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta a bheith aige/aici
- An cumas aige/aici obair a dhéanamh go neamhspleách agus i dtimpeallacht foirne
- Ceadúnas tiomána iomlán, glan Éireannach nó RA a bheith aige/aici.
- Cearta iomlána a bheith aige/aici chun oibriú in Éirinn/An Ríocht Aontaithe.

### Critéir Bhreise Inmhianaithe don ról

- Taithí ar ghrúpaí pailneoirí a shainaithint (beacha, beacha gabhair, féileacáin, leamhain)

### Tuairisciú

Oibreoidh an Cúntóir Taighde Monatóireachta Pailneoirí faoin bPríomhoifigeach Eolaíochta. Is é ceannasaí an Phlean Aisghabhála Speiceas/Pailneoirí i nGníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann a bheidh mar bhainisteoir líne ó lá go lá.

### Inniúlachtaí don Ról

Ní mór don iarrthóir rathúil a bheith ábalta a léiriú go bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha don phost seo aige/aici. Tá na hinniúlachtaí riachtanacha leagtha amach in Aguisín 1.

## COINNÍOLLACHA NA SEIRBHÍSE

### Tréimhse Oifige

Is post lánaimseartha é an post agus cuirtear ar fáil é mar chonradh trí bliana.

### Tuarastal

Is é seo a leanas an scála tuarastail is infheidhme don phost mar Chúntóir Taighde: (Naoi n-incrimint + dhá *Incrimint Seirbhíse Fada)
€31,000 - €31,750 - €33,000 - €34,000 - €35,000 - €36,000 - €37,000 - €38,000 - €40,000 - *€41,000[1] – *€42,000[2], agus deonaítear incrimintí ar bhonn bliantúil, faoi réir feidhmíocht shásúil sa ról.

D'fhéadfadh incrimintí seirbhíse fada a bheith iníoctha tar éis feidhmiúcháin shásúil trí bliana (LSI1) agus
sé bliana (LSI2) ag uasmhéid an scála.

Íocfar tuarastal i Euro ar bhonn míosúil.

## Saoire Bhliantúil

23 lá in aghaidh na bliana. Ag ardú go 24 i ndiaidh 5 bliana seirbhíse agus go 25 i ndiaidh 10 mbliana seirbhíse.

## Áit oibre

Beidh an ról lonnaithe i nGníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann, Clare House,
303 Bóthar an Aerfoirt Thiar, Béal Feirste BT3 9ED. Tá beartas oibre cumaisc á fheidhmiú ag NIEA.

Beifear ag súil go bhfreastalóidh an té a n-éireoidh leis/léi ar chruinniú foirne i gCeanncheathrú an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta i bPort Láirge uair sa mhí. Íocfar costais mhíleáiste agus speansais do na haistir sin chuig an oifig i bPort Láirge.

## Uaireanta Freastail

Is í an ghnáthsheachtain oibre 37.5 uair, 09.00 – 17.30 Luan go hAoine agus uair amháin don lón. Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a oibriú ó am go chéile mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin maidir le ham oibre. Ní bheidh rátaí ragoibre maidir le huaireanta breise a oibreofar lasmuigh de ghnáthuaireanta i bhfeidhm.

## Scor / Aoisliúntas:

Cuirfidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ranníocaíocht pinsin 5% ar fáil do Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta an fhostaí.

## Promhadh

Beidh tréimhse ann nuair a thiocfaidh an ceapachán i bhfeidhm ina gcoinneoidh an duine ceaptha a f(h)ostaíochta ar promhadh. Mairfidh an tréimhse sin sé mhí, ach féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, dá rogha féin, an tréimhse sin a fhadú. D'fhéadfadh sé go scoirfí duine den fhostaíocht sin a choinneáil ag deireadh na tréimhse sin faoi rogha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.
Is ionann an méid thuas agus príomhchoinníollacha fostaíochta agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach i gconradh fostaíochta mionsonraithe a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

**Próiseas Iarratais**

## Modhanna Roghnúcháin

- D'fhéadfadh aon cheann nó na nithe seo a leanas go léir a bheith i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:
- Gearrliostú iarrthóirí. Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a chinnfidh líon na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh chun agallaimh. Déanfaidh Excel Recruitment an gearrliostú thar ceann an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, de réir na gcritéar atá sonraithe don phost agus ar bhonn na faisnéise atá i Litir Chumhdaigh agus in CV an iarrthóra amháin. Cé go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá an líon daoine a chuirfidh isteach ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh Excel Recruitment a chinneadh go nglaofar líon níos lú iarrthóirí ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Maidir leis sin, cuireann Excel Recruitment próiseas gearrliostaithe ar fáil chun grúpa a roghnú ar cosúil, bunaithe ar scrúdú ar an CV agus ar an Litir Chumdaigh, gurb iadsan na daoine is oiriúnaí don phost. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil na hiarrthóirí eile neamhoiriúnach nó neamhábalta an post a dhéanamh, ach seachas sin go bhfuil roinnt iarrthóirí ann, ar cosúil, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu. D'fhéadfadh na critéir riachtanacha agus na critéir inmhianaithe atá sonraithe don phost a bheith i gceist leis na critéir maidir le gearrliostú. Dá bhrí sin, is ar mhaithe leat féin atá sé cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/taithí i do Litir Chumhdaigh agus i do CV.
- Agallamh.

Tá sé beartaithe go mbeidh na hagallaimh ar siúl le linn na seachtaine dar tosach an Luan, 27 Aibreán 2026, in oifigí Excel Recruitment, Foirgneamh Chéipil, Mainistir Mhuire, An Chathair Thuaidh, Baile Átha Cliath 7. Féadfar agallaimh ó chian a dhéanamh, ach ní dhéanfar iad ach i gcásanna eisceachtúla agus dosheachanta. Is faoin agallaí atá sé a chinntiú go mbeidh rochtain aige/aici ar áiseanna leordhóthanacha chun go bhféadfaidh sé/sí páirt a ghlacadh in agallaimh ar líne.

Ní bheidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta freagrach as aon chostas a thabhóidh iarrthóir agus é/í ag freastal ar agallamh.

## Teistiméireachtaí

Bheadh sé úsáideach dá dtosófá ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina moltóirí oiriúnacha a bhféadfaimis dul i dteagmháil leo (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá go mbeadh d'fhostóir reatha i measc na moltóirí ach ba chóir go mbeadh sé/sí ábalta

teistiméireacht a sholáthar duit; ba chóir go mbeadh duine amháin acu sin ar a laghad ina dhuine a raibh caidreamh tuairiscithe díreach agat leis/léi. Ba chóir go mbeadh na moltóirí ábalta faisnéis measartha nua a sholáthar maidir le d'fheidhmíocht agus d'iompar i gcomhthéacs oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú ar féidir leo faisnéis den sórt sin a sholáthar ó dhearcthaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna oibre éagsúla. Dearbhaímid nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin i gcás ina mbreithneofaí thú i ndiaidh chéim an agallaimh. Tabhair faoi deara, le do thoil, má éiríonn leat san agallamh, go mbeidh teistiméireacht de dhíth ó d'fhostóir reatha sula molfar thú le haghaidh ceapacháin.

**Conas Iarratas a Dhéanamh**

Chun iarratas a dhéanamh, cuir isteach curriculum vitae (C.V.) cuimsitheach ina léirítear go soiléir na héachtaí agus an taithí ábhartha i do ghairm bheatha go dtí seo. Ní mór duit litir chumhdaigh (trí leathanach ar a mhéad) a chur isteach freisin, agus teideal an róil sa líne ábhair, ina leagfar amach an fáth a bhfuil suim agat sa deis agus na réimsí a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, d'eolas agus do thaithí riachtanais an róil. Ní mór gach iarratas a chur isteach chuig Kayleigh Greene ag Excel Recruitment ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: Kayleigh@excelrecruitment.com

## Dáta Deiridh

Ní mór do CV agus do Litir Chumhdaigh a chur isteach faoi 5in, Dé hAoine, an 17 Aibreán 2026. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an ama sin.
Mura bhfaighidh tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas a chur isteach, déan teagmháil le kayleigh@excelrecruitment.com

## Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna do gach iarrthóir. Má tá tú faoi mhíchumas nó má theastaíonn socruithe réasúnta uait le linn an phróisis earcaíochta, molaimid duit é sin a chur in iúl dúinn lena chinntiú go bhfaighidh tú an tacaíocht atá uait. Ní bheidh aon tionchar ag coigeartuithe nó socrú réasúnta ar an bpróiseas roghnúcháin agus déileálfar leis an bhfaisnéis go léir a nochtfar faoi dhianrún.

## A mheas go bhfuil Iarrthóireacht le tarraingt siar

I gcás iarrthóirí nach bhfreastalóidh ar agallamh an tráth agus an áit a iarrfaidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta , nó nach soláthróidh, nuair a iarrfar air/uirthi, an fhianaise a éilíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní bheidh aon cheart aige/aici a thuilleadh i dtaca le breithniú a n-iarratais.

## Tréimhse Ghlactha

Ceanglóidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar an duine a dtairgtear ceapachán dó/di an ceapachán a ghlacadh laistigh de thréimhse trí mhí ar a mhéad agus

mura nglacfaidh sé/sí leis an gceapachán laistigh den tréimhse sin nó den tréimhse níos faide a chinnfidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta faoina rogha féin, ní cheapfaidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta é/í.

### Canbhasáil

Má dhéantar aon iarracht ag aon iarrthóir, nó aon duine/daoine atá ag feidhmiú ar spreagadh an iarrthóra, go díreach nó go hindíreach, trí mhodhanna cumarsáide scríofa nó aon bhealach eile chun tionchar a imirt i bhfabhar an iarrthóra, aon bhall foirne den Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta nó aon duine a ceapadh ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun agallamh a dhéanamh nó iarrthóirí a chur faoi scrúdú, déanfar an t-iarrthóir a dhícháiliú go huathoibríoch ón bpost a ndéantar iarratas ina leith.

### Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

D'fhéadfaí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a iarraidh maidir le daoine atá á meas don cheapachán.

### Sláinte

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ag leibhéal sláinte a léiríonn go bhfuil cumas acu gnáthsheirbhís agus seirbhís éifeachtach a chur ar fáil. Ar mhaithe leis an riachtanas sláinte a chomhlíonadh, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach don iarrthóir rathúil, sula gceapfar iad, go dtugann siad faoi scrúdú leighis déanta ag liachleachtóir cáilithe le hainmniú ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

### Fiosrúcháin/ Eolas sa Bhreis

Má tá faisnéis sa bhreis ag teastáil uait nó má theastaíonn uait plé faoi rún a shocrú maidir leis an deis, seol ríomhphost chuig kayleigh@excelrecruitment.com

**Eolas Ginearálta**

### Comhlíonadh Dlíthiúil

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do gach reachtaíocht chuí a chomhlíonadh le linn an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997, 2003 agus 2014.

### Comhlíonadh RGCS

Bailíonn, próiseálann agus stórálann an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta sonraí pearsanta, arna gcur ar fáil ag iarrthóirí agus iad ag cur isteach ar an ról atá ar fáil. Bailítear, taifeadtar, stóráiltear, coinnítear agus milltear na sonraí a chuirtear ar fáil ag iarrthóirí i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.

### Úsáid Gléasanna Taifeadta

Ní cheadaítear trealamh taifeadta a úsáid le linn an phróisis iarratais agus agallaimh.

### Oibleagáidí Iarrthóirí

Ní cheadaítear d'iarrthóirí eolas bréagach nó míthreorach a chur ar fáil. Ní cheadaítear d'iarrthóirí cur isteach ar an bpróiseas iomaíochta nó cur as dó ar bhealach ar bith.

### Iarratas ar Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil ag deireadh an phróisis roghnúcháin. Má theastaíonn uait aiseolas sa bhreis a fháil, is féidir é sin a iarraidh trí ríomhphost a sheoladh chuig Kayleigh@excelrecruitment.com

**AGUISÍN 1**

Príomhinniúlachtaí don phost seo

Is iad seo a leanas na príomhinniúlachtaí don ról;

| | |
|---|---|
| Ceannaireacht | Cuireann sé/sí go gníomhach le forbairt straitéisí agus bheartais na hEagraíochta |
| | Tá fócas agus treallús aige/aici chun ardleibhéil feidhmíochta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, agus tugann sé/sí aghaidh ar aon saincheisteanna feidhmíochta de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. |
| | Treoraíonn agus uasmhéadaíonn sé/sí cion cuidithe na foirne ina hiomláine |
| | Cuireann sé/sí éifeachtacht na dtorthaí i dtéarmaí níos leithne ná a réimse láithreach féin san áireamh |
| | Sainíonn sé/sí cuspóirí/spriocanna go soiléir agus tarmligeann sé/sí iad go héifeachtach, ag spreagadh úinéireachta agus freagrachta as tascanna |
| | Forbraíonn sé/sí cumas daoine eile trí aiseolas, cóitseáil agus deiseanna a chruthú chun scileanna a fhorbairt |
| | Sainaithníonn agus glacann sé/sí deiseanna chun leas a bhaint as bealaí soláthair seirbhíse nua agus nuálacha |

| | |
|---|---|
| Anailís agus Cinnteoireacht | Déanann sé/sí taighde cuimsitheach ar shaincheisteanna, ag dul i gcomhairle go cuí chun an fhaisnéis uile a theastaíonn maidir leis an tsaincheist a bhailiú |
| | Tuigeann sé/sí saincheisteanna casta go gasta, agus sonraí á sú isteach agus á meas go cruinn acu (lena n-áirítear sonraí uimhriúla) |
| | Comhtháthaíonn sé/sí snáitheanna éagsúla faisnéise, agus sainaithníonn sé/sí idir-chaidreamh agus naisc |
| | Déanann sé/sí cinntí soiléire, tráthúla agus dea-bhunaithe maidir le saincheisteanna tábhachtacha |
| | Breithníonn sé/sí impleachtaí níos leithne na gcinntí maidir le réimse páirtithe leasmhara |
| | Glacann sé/sí seasamh daingean maidir le saincheisteanna a mheasann sé/sí a bheith tábhachtach |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach | Glacann sé/sí freagracht as tascanna dúshlánacha agus déanann sé/sí iad in am agus de réir ardchaighdeáin |
| | Déanann sé/sí obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta i dtéarmaí tábhachta, amlínte agus srianta acmhainní eile, agus cuireann sé/sí in ord tosaíochta arís iad i bhfianaise cúinsí a athraíonn |

| | |
|---|---|
| | Cinntíonn sé/sí go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin agus éifeachtach do chustaiméirí i gcroílár obair na heagraíochta. |
| | Breathnaíonn sé/sí go criticiúil ar shaincheisteanna lena fheiceáil conas is féidir rudaí a dhéanamh níos fearr |
| | Tá sé/sí oscailte do smaointe nua, tionscnaimh agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna |
| | Cinntíonn sé/sí go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtúla agus ardluacha a sholáthar |
| | Bainistíonn sé/sí tionscadail iomadúla go héifeachtach |

| | |
|---|---|
| Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide | Cuireann sé/sí faisnéis i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus inchreidte, ó bhéal agus i scríbhinn |
| | Spreagann sé/sí plé oscailte agus cuiditheach faoi shaincheisteanna oibre |
| | Cuireann sé/sí obair foirne chun cinn laistigh den rannóg, ach oibríonn sé/sí go héifeachtach ar thionscadail ar fud na heagraíochta freisin. |
| | Coinníonn sé/sí guaim agus smacht air/uirthi agus é/í ag obair chun dul i gcion ar dhaoine eile |
| | Cothaíonn sé/sí béim láidir ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse féin |
| | Forbraíonn agus coinníonn sé/sí líonra teagmhálaithe chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt faisnéise a éascú |
| | Pléann sé/sí go héifeachtach le réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear lucht déanta beartas, maoinitheoirí, pobal na n-eolaithe saoránach agus an pobal i gcoitinne |

| | |
|---|---|
| Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt | Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar chuspóirí agus spriocanna a róil féin agus ról na foirne agus an dóigh a n-oireann siad d'obair na heagraíochta |
| | Tá eolas fairsing agus domhain aige/aici faoi shaincheisteanna eagraíochtúla agus tá sé/sí íogair i leith beartas agus tosaíochtaí eagraíochtúla níos leithne. |
| | Measann páirtithe leasmhara gur saineolaí é/í ina réimse féin |
| | Tá sé/sí dírithe ar fhéinfhorbairt, lorgaíonn sé/sí aiseolas agus deiseanna fáis chun cuidiú le riachtanais shonracha an róil a chomhlíonadh |